**Leasú 2**
**Thierry Mariani, Jean-Lin Lacapelle**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
(2023/2052(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris N a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Na. de bhrí go bhfuil 1.5 milliún dídeanaí ón tSiria glactha ag an Liobáin go dtí seo agus gurb ionann dídeanaithe Palaistíneacha agus Siriacha agus 30 % de dhaonra iomlán na tíre anois; de bhrí, ó 2011 i leith, gur rannchuidigh an Liobáin le sábháilteacht dídeanaithe ón tSiria a mhéid sin gur gné thábhachtach í sin sna géarchéimeanna eacnamaíocha, sóisialta, polaitiúla agus geopholaitiúla atá ann faoi láthair sa tír;*** |

Or. en

23.2.2024 A9-0041/3

**Leasú 3**
**Thierry Mariani, Jean-Lin Lacapelle**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
(2023/2052(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris O a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Oa. de bhrí gur thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann i mí Feabhra 2023 'nach bhfuil aon fhíorbhaol ann go ndéanfadh foréigean neamh-idirdhealaitheach difear pearsanta do shibhialtach' i ngobharnóireachtaí na Damaisce agus Tartus; de bhrí go bhfuil sé measta anois ag an Danmhairg go bhfuil roinnt réigiún sa tSiria sábháilte do dhaoine a bheith ina gcónaí ann; de bhrí gur iarr an Chipir, i mí na Nollag 2023, ar an Aontas machnamh a dhéanamh ar a dhearbhú go bhfuil codanna den tSiria sábháilte chun dídeanaithe ón tSiria a aisdúichiú;*** |

Or. en

**Leasú 4**
**Thierry Mariani, Jean-Lin Lacapelle**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
(2023/2052(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe r**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| (r) a mheabhrú ***nach féidir*** a mheas ***gur tír shábháilte í an*** tSiria***, go hiomlán ná go páirteach, d'fhilleadh na náisiúnach Siriach ar dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn iad san Eoraip agus ar fud an domhain, ar daoine iad a theith ó choireanna an réimis agus a bheadh i mbaol céasta agus fuadach forfheidhmithe dá rachaidís ar ais chuig an*** tSiria***; a athdhearbhú do thíortha óstacha***, amhail ***an Tuirc,*** an Liobáin, ***an Iordáin, an Iaráic agus an Éigipt, nach tír shábháilte í an tSiria, go hiomlán ná go páirteach, agus nach féidir le náisiúnaigh na Siria filleadh go sábháilte uirthi dá bhrí sin; a chur i bhfáth nach mór do gach uile fhilleadh a bheith de thoil féin an duine agus a bheith faoi dhálaí dínite; a chur i bhfáth gur theith roinnt Siriach ó eagraíochtaí sceimhlitheoireachta atá amhail ISIS ag feidhmiú sa tSiria; a chur i bhfáth go bhfuil limistéir sa tSiria ina bhfuil grúpaí jiohádacha agus mílístí foréigneacha fós gníomhach; aird a tharraingt ar thionchar na coinbhleachta sa tSiria ar an 438 000 dídeanaí Phalaistíneacha a mheastar a bheith sa tír agus atá ag brath go príomha ar Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa*** | (r) a mheabhrú ***gur féidir*** a mheas ***go bhfuil formhór na réigiún sa*** tSiria ***sábháilte agus gur cheart do go leor dídeanaithe ón*** tSiria ***atá i láthair san Aontas agus i dtíortha comharsanachta na Siria, amhail*** an Liobáin, ***filleadh ar a dtír thionscnaimh anois;*** |

***Neasoirthear (UNRWA) dá mbunriachtanais; a chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a iarraidh go gcuirfear dídeanaithe Palaistíneacha san áireamh ar bhealach níos fearr i bpleananna daonnúla an Aontais sa tSiria;***

Or. en